# An Gorta Mór agus an bhithéagsúlacht

le

Micheál McCaughan



**Téama 1:**

**An Gorta Mór agus an Ghaeilge (oiriúnach don phortfóilió)**

Is é an **Gorta Mór** nó an Drochshaol a thugtar ar an ngorta a bhuail Éire ón mbliain 1845 ar aghaidh. Mharaigh sé na mílte duine agus cuir sé an ruaig ar chúpla milliún Éireannach an tír a fhágáil. Tháinig galar dubh – fungas darb ainm *Phytophora infestans* – ar na prátaí ar fud na hÉireann. Ag an tráth úd, bhí 30% de mhuintir na tíre ag brath ar an lumpar (cineál práta), agus nuair a theip air, scriosadh an soláthar bia dóibh, na daoine ba bhoichte sa tír, cuid mhaith acu lonnaithe in iarthar na tíre agus gan teacht acu ar réimse bia eile.

Ba é an monashaothrú a bhí mar bhunchúis leis an ngéarchéim agus ba é an coilíneachas a bhí ina fhadhb chórasach an buille marfach. Bhí Sasana i gceannas ar an tír seo ag an am sin, agus córas eacnamaíoch i bhfeidhm darbh ainm *laissez-faire*. Bhí go leor bia ar fáil in Éirinn aimsir an Ghorta Mhóir ach leis an 'margadh saor' mar bhunchloch den chóras, bhí 'lig-dóibh-bás-a-fháil' mar thoradh ar an easpa tacaíochta don phobal.

**Conas a chuireann an monashaothrú isteach ar an mbithéagsúlacht?**

**An bhfuil gorta ag tarlú i dtíortha eile sa domhan faoi láthair? Céard is cúis leis?**

*****

**Machnamh**

*"De réir mar a chuala mé faoin ngalar, tháinig sé de léim oíche nó cúpla oíche. Bhuail smol dubh na barraí agus leáigh siad ar shiúl, agus lobh siad i ndeireadh mhí Iúil. Ní raibh a fhios ag na daoine cén fáth nó cén chaoi ar tháinig an dúchan ar na prátaí i dtosach san am a chonaic siad é sin, ach bhí a fhios acu nach raibh sé go maith. D'imigh an aimsir thart go raibh sé in am a bheith ag baint na bprátaí i ndeireadh an fhómhair, agus ní raibh na prátaí baol ar a bheith chomh maith nó leath chomh maith agus a bhídís na blianta roimhe sin. Ach mar a bhí siad, baineadh iad agus cuireadh i bpoill iad, agus is amhlaidh mar a bhí sé, lobh siad sna poill tar éis iad a bhaint, agus uaidh sin amach riamh ó shin, bhí siad ag lobhadh de réir a chéile agus ní raibh siad ag fás riamh ó shin chomh maith agus a bhí siad roimh an ngalar agus roimh an Drochshaol."*

-Sliocht as *Glórtha ón Ghorta – Béaloideas na Gaeilge agus an Gorta Mór*
Curtha in eagar ag Cathal Póirtéir. Coiscéim, Baile Átha Cliath 1996. (Litriú caighdeánaithe.)

An Gorta Mór agus an Ciúnas Mór - **Athrú Teanga** –

Sa 19ú haois d'athraigh teanga an phobail ón nGaeilge amháin agus Gaeilge-Béarla go Béarla amháin i bhfaiteadh na súl. Maraíodh na sluaite in Éirinn i rith an Ghorta Mhóir agus tharla imirce as cuimse a rinne scrios ar na struchtúir shóisialta a bhí ina gcrann taca don Ghaeilge.

Sa sliocht thíos, ó dhán a cumadh ag an am uafásach sin, tá tagairt ann do 'súp na hainnise', don 'poorhouse' agus do 'reilig an tsléibhe', gnéithe éagsúla den tréimhse sin. Tugann an t-amhrán seo leideanna faoin atmaisféar polaitiúil a bhí i bhfeidhm ag an am.

Céard iad na leideanna sin?

**Amhrán na bPrátaí Dubha (sliocht)**

**Máire Ní Dhroma**

Na prátaí dubha do dhein ár gcomharsana a scaipeadh orainn,
Do chuir sa phoorhouse iad is anonn thar farraige;
I Reilig an tSléibhe tá na céadta acu treascartha
Is uaisle na bhFlaitheas go ngabhaid a bpáirt,

Tá na bochta so Éireann ag plé leis an ainnise,
Buairt is anacair is pianta báis,
Leanaí bochta ag béiceadh is ag screadadh gach maidin,
Ocras fada orthu is gan dada le fáil.

Na leanaí óga thógfaidís suas le macnas
Sciobtaí uathu iad gan trua gan taise dhóibh:
Ar bheagán lóin ach súp na hainnise
Gan mháthair le freagairt díbh dá bhfaighidís bás.

Nach trua móruaisle go bhfuil mórán coda acu
Ag íoc as an obair seo le Rí na nGrás;
Fearaibh bochta an tsaoil seo ná fuair riamh aon saibhreas
Ach ag síorobair dóibh ó aois go bás.

**(www.antiwarsongs.org)**

# GNÍOMHAÍOCHT 1

## – Ealaín Oghaim (*Potato Printing*).

Baineann an ghníomhaíocht seo le bileog Afri; *The Celtic Alphabet Tree Planting Project*. Tabhair isteach go dtí an rang é agus tabhair cóip do gach dalta nó leag amach ar scáileán é:

**Acmhainní agus ullmhúchán don ghníomhaíocht seo:**

- Prátaí - bain úsáid as speicis dhifriúla agus bí cinnte go mbeidh dóthain prátaí ar fáil don rang leis an aibítir ar fad a chruthú.

- Labhair le saothraí, feirmeoir, margadh feirme nó duine éigin i siopa glasraí faoi na cineálacha prátaí atá ar fáil i do cheantar.

- Déan iarracht na prátaí a fháil/ a cheannach i margadh éigin, gan dul go dtí siopa mór.

- Déan comhaireamh ar an éagsúlacht prátaí atá sa seomra.

- Aibítir Oghaim

- Ábhar datha nádúrtha, m.sh. tuirmiric (buí), biatas (bándearg), léicean (corcra), cainéal (donn)

- Rolla páipéar balla línéala (saor go leor – bain úsáid as cúl an rolla, an chuid a bhfuil cuma ar nós uachtair air)

- Físeán ar *YouTube* (más gá), *#metkids 'how to make a potato print'.* (https://www.youtube.com/watch?v=CCwe1HHCISQ)

- Ceirt éigin leis na prátaí a thriomú sula dtumann tú sa 'phéint' iad

Féach ar bhileog Afri leis an ngrúpa agus faigh eolas faoi chúlra na haibítre Oghaim.

Tá gach litir san aibítir Oghaim bunaithe ar chrann nó ar phlanda éigin.

Roghnaigh téama:

**-** *Ainmneacha crainn dhúchasacha*

- *An focal is mó a thaitníonn leat sa Ghaeilge.*

- *Ainmneacha na ndaltaí*

An bhfuil baint ar leith ag crann éigin le do chontae nó fiú do cheantar féin?

**Conas is féidir loirg phrátaí a dhéanamh?**

1- Gearr na prátaí ina dhá leath.
2- Déan gearradh sna prátaí de réir an litir Oghaim atá roghnaithe agat. Bí cinnte go roghnaíonn daltaí réimse iomlán na litreacha le cinntiú go mbeidh an aibítir iomlán ar fáil dóibh.
3- Triomaigh na prátaí le ceirt (éadach).
4- Tum na prátaí sa dúch, (an t-ábhar datha). Cruthaíonn tú an cló leis an ábhar datha.
5- Bain úsáid as gach litir arís is arís eile – gheobhaidh tú cóta deas péinte gach uair a dhéanann tú teagmháil leis an gclóscríobh. Beidh litir amháin nó dhó ag gach duine.

Is crann dúchasach é gach litir den aibítir Oghaim. Cén scéal/stair a bhaineann leo?

**Eiseamláir –**

**Leabhar Cheanannais:**

Ceann de na saothair ealaíne is tábhachtaí in Éirinn, ceithre imleabhar, 680 leathanach, 1200 bliain d'aois, le dathanna ar na léaráidí agus iad déanta go hiomlán as ábhar datha nádúrtha.

***<u>Gluais</u>***

**Monashaothrú** – Spleáchas ar bharra amháin, ar phlanda amháin nó ar bheostoc amháin (monoculture)

**Aonteangach** – duine nach bhfuil in ann ach teanga amháin a labhairt.

**Coilíneachas** – córas polaitiúil bunaithe ar ionradh, ar fhorghabháil agus dhíshealbhú, chun saothrú eacnamaíoch a dhéanamh agus chun smacht a choimeád ar an daonra.

**Téama 2:**

**Ní Ceadmhach Neamhshuim (1 agus 2)**

**Iarr ar na mic léinn plé a dhéanamh ar na ceannlínte/scéalta thíos:**

**‘Google Translate used for 1916 anniversary website…’**

**‘English must be spoken at all times in the workplace.’ Randox tells staff.**

**‘Chinese couple told to reapply for citizenship in English after applying in Irish.’**

**‘Anger as Dingle estate given ‘meaningless’ Irish name.’**

**‘If you feed a crocodile it will keep coming back and looking for more’ (Arlene Foster)**

**Céard a léiríonn na scéalta seo faoin nGaeilge i sochaí na hÉireann?**

**Réamhrá**

**Ngũgĩ wa Thiong’o agus Michael Cronin**

Fear ón gCéinia é Ngũgĩ a cuireadh sa phríosún in 1978 faoi dheachtóireacht toisc go ndearna sé a chuid scríbhneoireachta ina theanga dhúchais, Gikuyu. ‘Buama cultúrtha’ an téarma a chuir sé ar an méid damáiste a rinne an coilíneachas ar theangacha dúchais agus, dá bharr sin, ar mheon mhuintir na tíre féin, fágtha gan uirlis ná cumas lena gcuid smaointe a chur in iúl ná a roinnt le chéile.

‘Is é tionchar an bhuama cultúrtha ná scrios a dhéanamh ar chreideamh nó ar mhuinín an phobail ina n-ainmneacha, ina dteangacha, ina dtimpeallacht, i stair na frithbheartaíochta, ina n-aontacht, ina streachailt féin, ina gcumais féin agus faoi dheireadh, ina gcuid féinmhuiníne.’

**Machnamh/comhrá:**

**Cé mhéad teanga labhartha atá sa rang idir gach duine?**

**Cuir ceist ar na daltaí faoin nasc idir an teanga agus a dteaghlaigh féin. An féidir leo eolas a bhailiú faoin gceantar – cé chomh fada is atá sé ó bhí an Ghaeilge mar phríomhtheanga:**

a) **an teaghlaigh**
b) **an cheantair**
c) **an chontae?**

**An gceapann tú go dtugann an dátheangachas súil eile ar an tír seo?**

**An gcruthaíonn sé meon eile?**

**Cén saghas dearcaidh a bhíonn ag daoine eile nuair a chloiseann siad tú ag labhairt Gaeilge in áiteanna poiblí?**

**Smaoinigh ar d'ainm, do shloinne, ar logainm do cheantair – cén saghas eolais a thugann sé duit faoi stair na háite nó stair do theaghlaigh?**

**Roghnaigh focal amháin a thaitníonn leat sa Ghaeilge – agus mínigh an fáth a dtaitníonn sé leat.**

**Gníomhaíocht**

**Michael Cronin – An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht.**

D'fhoilsigh an rialtas **Plean Gnímh don Aeráid 2019** mar chreatlach agus bunchloch le tús a chur leis an obair chrua atá romhainn leis an tionchar atá ag athrú aeráide a laghdú sula mbeidh sé ródhéanach. Tá 148 leathanach sa tuairisc sin, ach níl tagairt amháin don Ghaeilge ann, an teanga, a scríobhann Michael Cronin, 'a rinne cur síos, léarscáil agus insint ar an náisiún oileánda seo le 2,000 bliain anuas'.

**An mothaíonn tú go bhfuil nasc ar leith idir tírdhreach agus teanga?**

**Ní Ceadmhach Neamhshuim –**

Níl cuil, níl leamhan, níl beach,

Dar chruthaigh Dia, níl fear,

Nach dualgas dúinn a leas,

Níl bean, ní ceadmhach neamhshuim,

A dhéanamh dá n-imní,

Níl gealt i ngleann na ngealt,

Nár chuí dhúinn suí lena ais,

Á thionlacan an fhaid

A iompraíonn thar ár gceann,

Ár dtinneas-ne 'na mheabhair.

Níl áit, níl sruth, níl sceach,

Dá iargúlta iad, níl leac,

Bídís thuaidh, thoir, thiar nó theas,

Nár cheart dúinn machnamh ar a suíomh,

Le gean is le báidhíocht;

Dá fhaid uainn Afraic Theas,

Dá airde í gealach

Is cuid dínn iad ó cheart

Níl áit ar fuaid na cruinne

Nach ann a saolaíodh sinne.

**Seán Ó Ríordáin, Línte Liombó, 1971.**

Is í an chomhbhá atá mar ábhar i gcroílár an dáin seo, an tuairim go mbaineann freagracht choitianta leis an duine, is cuma cárbh as iad agus níos mó ná sin, baineann sé leis an nasc bunúsach idir gach ní. Tugtar *neach mothaitheach* ní hamháin ar dhaoine ach, de réir a chéile, ar gach rud beo sa chruinne.

Mar phlécháipéis, breathnaigh ar scéal Phobal na Seactách ag https://www.afri.ie/category/irish-choctaw-famine-link/

**Gníomhaíocht**

**An dtaitníonn an dán leat?**

**An aontaíonn tú leis an bhfile go bhfuil nasc nó ceangal againn le gach rud beo?**

**An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de chásanna i do shaol féin a léiríonn é seo nó samplaí sa stair? (m.sh. Pobal na Seactách (*Choctaw*) aimsir an Ghorta Mhóir agus go leor samplaí eile sa lá atá inniu ann)**

## An bhfuil cearta ag an timpeallacht féin?

Tá go leor cainte sa lá atá inniu ann faoi chearta na timpeallachta agus faoin gcaoi ar féidir cearta dlí a thabhairt don dúlra lena chinntiú go mbeidh cosaint aige ón léirscrios agus ó shaothrú na 'forbartha'.

In Eacuadór, tugadh stádas ar leith nó pearsanúlacht don dúlra i mbunreacht nua sa bhliain 2008. De réir Alt 71 sa bhunreacht, tá ceart 'bunmheasa' ag an dúlra. Ciallaíonn sé sin, go praiticiúil, go mbeidh daoine, pobail nó náisiúin in ann éileamh ar údaráis na tíre (Eacuadór) cearta an dúlra a chur i bhfeidhm.

Seans gurb é an ceart is tábhachtaí ná an ceart athghiniúna a thabhairt ar ais d'acmhainní nádúrtha.

**Eiseamláir –**

Eacuadór agus *Pachamama*– Bunreacht nua 2008, féach ar Ailt 71-74, daingnithe le reifreann.

**Gníomhaíocht:**

**An dóigh leat gur cheart an rud céanna a dhéanamh anseo in Éirinn?**

**Cé hiad na daoine a bheadh ar a shon nó ina choinne, dar leat?**

**Conas is féidir tús a chur leis an obair seo? Feachtas poiblí? Tionól na Saoránach? Bealaí eile?**

## An Ghaeilge agus an Timpeallacht

Thug Angela Bourke agus Diana Negra léamh éiceolaíoch ar chás na Gaeilge, agus chuireadar béim mhór ar an gceangal idir teanga agus timpeallacht.

*'Na tírdhreacha drámatúla gan chónaí atá fairsing sa Ghaeltacht, is léiriú iad ar leochaileacht na timpeallachta: éiceachóras sléibhe agus portaigh, locha agus cladaigh, ina maireann ainmhithe agus plandaí tearca ar scáth a chéile, áit a dtéann damáiste d'eilimint amháin i bhfeidhm ar an iomlán. Tá éiceachóras na Gaeilge chomh sainiúil agus chomh leochaileach céanna.' (2019, Cronin, lch 10)*

**Gníomhaíocht**

**An dóigh leat gur cuid den bhithéagsúlacht í an teanga?**

**An bhfuilimid ag cailleadh teangacha ar fud an domhain chomh maith le hainmhithe, gnáthóga srl? Cé acu is tábhachtaí?**

**Gníomhaíocht –**

**Athrú Amháin**

**Dearg le Fearg - Ní Ceadmhach Neamhshuim (cuid a 2)**

Mí na Samhna 2014 − comóradh, ceiliúradh is cuimhneacháin Éirí Amach na Cásca agus Chogadh na Saoirse ag teannadh linn. Glactar leis go dtabharfar tús áite don Ghaeilge, ábhar a bhí i gcroílár streachailt an phobail ag an tráth úd. Bhí Gaeilge ag seisear den seachtar a shínigh Forógra na Saoirse agus bhí gluaiseacht athbheochan na Gaeilge faoi lán seoil.

Ní raibh an Ghaeilge ar a dtoil ag an bpobal fós ach bhí sé ina gcroíthe arís agus an tír ag dul i dtreo an neamhspleáchais, 'Tír ní hamháin saor ach Gaelach freisin, ní hamháin Gaelach ach saor freisin,' mar a dúirt Pádraig Mac Piarais.

Nuair a fógraíodh an leagan Gaeilge de chlár na n-imeachtaí ar shuíomh gréasáin oifigiúil an rialtais bhí sé doléite agus dothuigthe. Bhí cúis leis sin – bhí an t-aistriúchán déanta ag Google Translate!

- **Céard a léiríonn an scéal sin maidir le polasaí agus obair an rialtais le haghaidh thodhchaí na Gaeilge?**

## Straitéis 20 bliain chun an Ghaeilge a chaomhnú

Is é an cuspóir atá leagtha amach i straitéis an rialtais ná líon na gcainteoirí Gaeilge a mhéadú ó 83,000 go 250,000 roimh an mbliain 2030.

**Plé i ngrúpaí:**

- Conas a bhainfear an sprioc sin amach, meas sibh? Conas a mhéadófar líon na gcainteoirí Gaeilge ó 83,000 go 250,000 roimh 2030?

- Maidir le hacmhainní Gaeilge atá dírithe ar dhéagóirí – smaoinigh ar athrú amháin a chuirfeadh feabhas ar bhur saol 'trí Ghaeilge' in bhur gceantar féin.

- Conas is féidir libh é a bhaint amach?

***Gluais***

Idirspleáchas - Interdependence

neach mothaitheach - sentient being

pearsanúlacht - personhood

bunmheas – integral respect

**pléacháipéis – discussion document**

**Buntéacsanna:**

**Ngũgĩ wa Thiong'o – Decolonising the Mind, (James Curry/Heinemann, 1997)**

**Michael Cronin - An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht (Foilseacháin Ábhair Spioradálta, Baile Átha Cliath, 2019)**

# Téama 3

## - AMUIGH FAOIN AER

### Léitheoireacht/Machnamh.

'….táimid faoi dhianghlasáil ar feadh cuid mhaith dár saol, ón tigh go scoil go hobair, inár gcarranna agus inár dtithe, ar ár scáileáin agus inár gcloigeann.' (Michael Cronin)

**-An aontaíonn tú leis an ráiteas sin?**

**-Cén saghas féidearthachtaí atá ar fáil do dhaoine atá ag lorg eispéiris dhifriúla sa saol?**

**-Coinnigh dialann seachtaine ina mbreacann tú síos an méid ama a chaitheann tú amuigh faoin aer. An bhfuil laghdú nó méadú tar éis teacht ar an tréimhse ama sin le cúig/deich mbliana anuas? Cuir ceist ar do thuismitheoirí faoin leagan amach a bhí ar na laethanta nuair a bhí tú an-óg.**

**- Déan iarracht rud amháin a dhéanann tú laistigh den teach go rialta a aistriú chuig áit éigin amuigh faoin spéir. (Cócaireacht, cruinniú le cairde srl)**

I sochaí ár linne, go háirithe i dtír réasúnta 'saibhir' cosúil le hÉirinn, caitheann formhór na ndaoine fásta an chuid is mó den lá agus cuid mhaith dá saol dúnta isteach i bhfoirgnimh, áiteanna cúnga, srianta, teoranta ina mbíonn aer 'tánaisteach' á tharraingt acu. Agus caitheann an chuid is mó den daonra sna foirgnimh sin an lá ar fad os comhair ríomhaire agus ar fhón póca nó scáileán éigin mar uirlis oibre agus mar uirlis teagmhála.

**Anam agus Cré**

Nuair a thugann bean páiste ar an saol, táirgeann a corp hormóin darb ainm ocsatóicin, ceimicán nádúrtha a chruthaíonn nasc lena páiste nua. Is ábhar nádúrtha é agus tá sé fíorthábhachtach don leanbh atá ag dul i dtaithí ar an domhan lasmuigh de chorp na máthar agus í ag tosú amach á lachtadh.

Tugadh faoi deara go bhfuil an ocsatóicin ar fáil freisin ó bholadh na créafóige, nuair a chuirimid ár lámha sa talamh. Tá taighde agus eolas déanta le déanaí faoin tionchar dearfach a bhaineann leis an talamh, ní hamháin mar fhoinse bia agus machnaimh ach go díreach mar leigheas ar bhrú agus broid an tsaoil.

**Is í an bharrithir an áit óna bhfástar 95% de bhia an phláinéid agus cosúil leis an bhforaois bháistí tá sé thar a bheith leochaileach. Tógann sé céad bliain le 5 mm cré a chruthú agus ní ghlacann sé ach cúpla nóiméad chun é a scriosadh, de réir an *Royal Society*, an institúid eolaíoch is sine ar domhan.**

## Gníomhaíocht - síolta na sláinte

**Acmhainní:**

- **sluasaid**
- **síolta**
- **múirín**
- **créafóg**
- **am**

**Aimsigh cúinne beag i do ghairdín, sa tsráid, i bpáirc phoiblí, nó timpeall na scoile. Déanaigí obair i mbeirteanna. Marcáil amach méadar amháin agus bain clocha agus féar as an áit. Déan iarracht a fháil amach cén stair a bhaineann leis an áit ó thaobh úsáid na talún.**

**Cá bhfaighidh sibh síolta le haghaidh na hoibre seo?**

**Cén saghas síolta ba mhaith libh a chur?**

**Cén t-ábhar eile atá ag teastáil?**

**Cuir ceist ar na comharsana nó ar dhuine éigin a bhfuil taithí acu ar an obair seo.**

**Cuir síolta sa spás beag agus tabhair aire dóibh.**

**<u>Gluais</u>**

ocsatóicin - oxytocin

# Téama 4:

## - Cén costas a chuirfimid ar an mbithéagsúlacht?

### Ábhar Cainte -

Foilsíodh tuarascáil nua (Eanáir 2021), *'The Economics of Biodiversity: The Dasgupta Review'* a dhéanann géaranailís ar an ábhar cainte seo. Is é Partha Dasgupta, Ollamh le hEacnamaíocht in Ollscoil Cambridge, Sasana a stiúir an tuarascáil seo. Sa réamhrá le Richard Attenborough, deir an saineolaí sin go mbraitheann gach anáil a tharraingímid ar an dúlra, go bhfuil gach ainmhí agus planda ag brath air freisin agus go bhfuilimid faoi láthair *'ar tí cliseadh cuimsitheach.'*

Táimid chomh 'cliste', a deir Attenborough, gur féidir linn *'léirscrios a dhéanamh ar an bhforaois bháistí agus plandáil speiceas amháin a chur ina áit le bia a thabhairt do phobal atá á neartú ar an taobh eile den domhan.'*

Tá an córas seo bunaithe ar an bhfás eacnamaíoch – an phríomhchúis leis an scrios atá déanta ar an timpeallacht, agus tús curtha leis an Antrapaicéineach nó an *Anthropocene*. Cuireadh tús leis an tréimhse seo sna 1950idí agus ó shin i leith, tá damáiste déanta nach féidir a leigheas, fiú más féidir maolú a dhéanamh air.

Baineann an tAntrapaicéineach le forbairt thionsclaíoch gan smacht agus go háirithe le tionscail eastóscacha ar fud an domhain. Cuireann an córas sin brú ollmhór ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht.

## Machnamh agus Taighde:

**Fiafraigh de na mic léinn ar dtús céard a thuigeann siad le 'bithéagsúlacht'.**

**Déan liosta de na hábhair go léir a bhainimid as an talamh chun saol níos compordaí a bheith againn dúinn féin (gual, móin, gaineamh don stroighin, mianraí, ór, airgead srl.)**

**Faigh amach cad iad na tíortha as a dtagann na hábhair seo go léir.**

**Plé i ngrúpaí: Conas a chabhraíonn na hábhair seo linn sa saol laethúil? An bhfuil siad go léir riachtanach?**

**Cén damáiste a dhéantar don timpeallacht chun iad a chur ar fáil?**

**An bhfuil aon rud eile a d'fhéadfaí úsáid ina n-áit?**

## 'Pearsantacht' agus beocht sa bhithéagsúlacht

I dtuairisc Dasgupta, déanann an t-údar cur síos ar phearsantacht na bithéagsúlachta mar rud **ciúin, dofheicthe agus gluaisteach**; bíonn na crainn ina seasamh san áit chéanna ar feadh na gcéadta bliain ach faoin talamh tá gréasán leathan fréamhacha a bhíonn i dteagmháil lena chéile, uaireanta thar na ciliméadair.

Tá an t-aer beo le feithidí agus an talamh faoi smacht péisteanna agus is í an chré atá ina banríon maidir le caighdeán na hithreach agus na féidearthachtaí a bhaineann léi chun bia sláintiúil a chothú.

Is cuma cén áit a bhfuil tú i do chónaí, nó cén tslí mhaireachtála agus oideachas atá agat, nó cén aicme shóisialta lena mbaineann tú, braitheann gach duine beo ar chumas na hithreach do 95% den bhia a chuirtear ar fáil dóibh.

Tá formhór do choirp (70%) déanta as uisce agus gan soláthar uisce glan ní féidir linn maireachtáil. Déanann na hainmhithe, na feithidí, na beacha, na bláthanna obair na gcapall dúinn, agus déantar í saor in aisce.

**Gníomhaíocht 4 -**

**Téigh amach agus aimsigh samplaí d'áiteanna –**

a) ina bhfuil saibhreas bithéagsúlachta le feiceáil
b) ina bhfuil a mhalairt le feiceáil (nádúr bainte amach, crainn srl, le haghaidh 'forbairt' éigin, b'fhéidir carrchlós nó ionad spraoi do pháistí)

Conas is féidir linn cothromaíocht a chruthú idir riachtanais an phobail agus riachtanais an nádúir?

# Saol na farraige

Ar an bhfarraige mhór, is annamh a fheicimid lenár súile féin an fhlúirse beatha mhuirí atá ann. Bogann saol na mara, idir fhiadhúlra muirí agus bhiashlabhra muirí, gréasán casta ag obair as lámha a chéile. Ach tá saol na mara faoi bhrú millteanach leis na blianta fada anuas agus cliseadh sistéamach tubaisteach ar siúl atá ag tarlú gan stop ó chósta go cósta ar fud an domhain.

Is fiú tagairt a dhéanamh don ghaineamh umhal, an taisce cois trá. Is é an gaineamh a mheasctar le stroighin le coincréit a dhéanamh, an tríú ábhar is mó atá ídithe ar an bpláinéad (ach amháin an t-uisce). Déanann mianadóireacht gainimh mhídhleathach díghrádú thar a bheith suntasach ar chuid de na lochanna agus aibhneacha is leochailí ar domhan.

## Athrú pearsanta agus athrú sistéamach

Léiríonn tuairisc Dasgupta go mbíonn dea-thoil agus dea-rúin ag an bpobal ach go bhfuil teannas ollmhór idir cad atá uainn sa saol príobháideach agus cad leis a bhfuilimid ag súil mar shaoránaigh. Bainimid úsáid as seirbhísí cosúil le *Amazon* toisc go bhfuil sé níos saoire ná siopaí áitiúla agus ar leibhéal náisiúnta, cuirtear an fhealsúnacht chéanna i bhfeidhm. Bíonn bia saor, éadaí saora agus acmhainní saora mar dhearbhthosaíochtaí thar shláinte na timpeallachta agus an athghiniúint atá ag teastáil go práinneach.

Bíonn sé de nós againn breathnú ar an dúlra mar acmhainn bhuan, a thugann a chuid taisce saor in aisce go síoraí. Ó thosaigh an tAntrapaicéanach, tá luasghéarú suntasach tagtha ar an athrú aeráide agus labhraítear anois faoi '*ilphointí claochlaithe*' a chiallaíonn go bhfuil gach tuar a dhéanann na saineolaithe ina bhuille faoi thuairim. Tagann na hathruithe seo go mall, ó aois go haois, ach i dtréimhse réasúnta gearr, beidh uair na cinniúna buailte linn.

Tránn an taoide go rialta, go ciúin, go leanúnach ach i bpreabadh na súl, tagann súnámaí marfach, amhail is a chonaiceamar in 2004 san Aigéan Indiach. Tá go leor réamhaisnéisí ar fáil dúinn lena mhíniú dúinn, ar bhunús eolaíoch, cé chomh práinneach is atá an cheist seo agus tá fianaise le fáil ón teicneolaíocht is nua-aimseartha.

Tá go leor samplaí ar fáil ach smaoinigh ar pháistí a bhí ag freastal ar scoil lá amháin, ina gcónaí in áit éigin le blianta fada agus an tseachtain ina dhiaidh sin, cuireadh amach ar an bhfarraige mhór iad i mbáid leochaileacha ag lorg tearmainn de bharr scrios a rinneadh déanta ar a dtimpeallacht féin, nó scrios a tharla de bharr cogaidh atá ar siúl mar gheall ar dhúshaothrú acmhainní nádúrtha ar mhaithe le tionscadail eastóscacha agus soláthar uisce.

## Gníomhaíocht 5 - **Athrú pearsanta**

Tá go leor rudaí a dhéanaimid go pearsanta mar shaoránaigh – athchúrsáil, garraíodóireacht, tomhaltachas freagrach, mallfhaisean, mallbhia…

**-Grianghraf den chostas ceilte a bhaineann leis an saol inniu.**

**Déan iarracht costas a chur ar chúpla gné den saol laethúil sa bhaile in aon lá amháin.**

**Bia -**

> **bricfeasta, lón agus dinnéar – cad as a dtáinig an bia? Cé mhéad tír atá i gceist? Déan léarscáil a thaispeánann an turas sin. An bhféadfaimis an bia céanna a tháirgeadh sa tír seo?**

**Éadaí -**

> **déan an próiséas céanna leis na héadaí atá ort. Ar cheannaigh tú iad ar líne, i siopa nó áit eile, siopa carthanais srl? Cén t-ábhar a úsáideadh le hiad a dhéanamh? Cén tír inar táirgeadh iad?**

## Gníomhaíocht 6 – An grianghraf beo

**Téigh amach i mbeirteanna agus déan sealaíocht ag stopadh os comhair rud éigin ón dúlra a théann i bhfeidhm oraibh. Tabhair faoi deara áilleacht an dúlra agus bígí mar cheamara ag breathnú air. D'fhéadfadh coirt, caonach, léicean, scamaill, crainn nó ceann de na mílte rudaí atá le feiceáil amuigh faoin spéir a bheith i gceist leis an obair seo.**

**Bígí ciúin ar feadh tamaill.**

**Ná tugaigí aon rud ar ais libh ach amháin fuinneamh bhur gcroíthe.**

## Gníomhaíocht 7 – athrú sistéamach

**Co. an Chláir -**

**An tSionainn – Suíomh pobail do phailneoirí**

D'fhógair Comhairle Contae an Chláir in Aibreán 2021 go ndéanfaidís cúig shuíomh nua pailnithe a fhorbairt mar chuid den tionscnamh píolóta bainistíocht féarthalaimh. Cuirfear cúig shuíomh pailnithe ar fáil i mBaile na Sionainne le hinspioráid ó shraith ceardlann bithéagsúlachta a reáchtáil an Dr Frances Giaquinto. Cuid den Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí atá i gceist, straitéis chun bithéagsúlacht a chothú ar fud na tíre.

Mar chuid den tionscnamh, ní ghearrfar an féar sna suíomhanna seo ach uair amháin sa bhliain ag an am cuí (Aibreán) lena chinntiú go mbeidh saibhriú ithreach agus bláthanna fiáine le feiceáil agus bia ar fáil do na beacha agus áiteanna dóibh lena scíth a ligean agus le sos a ghlacadh.

Beidh comharthaíocht phoiblí ann a léiríonn rudaí gur féidir le daoine a dhéanamh lena ndramhaíl ghairdín a úsáid ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht agus deireadh a chur le húsáid lotnaidicídí.

**Déan taighde i do cheantar nó i do chontae féin –**

An bhfuil aon tionscnamh mar seo ar siúl ann?

Cé atá taobh thiar den phlean?

Breathnaigh ar do ghairdín féin, nó i bpáirc phoiblí atá cóngarach duit – an bhfuil féidearthacht ar bith ann spás ar leith a chruthú atá dírithe ar an mbithéagsúlacht?

Mar chuid den taighde seo, téigh amach i mbeirteanna agus cuir ceist ar dhaoine (teaghlach, comharsana, an pobal a bhaineann úsáid as an áis), an mbeadh suim acu nó an dtabharfaidís tacaíocht do thionscnamh beag áitiúil mar sin?

Déan tuairisc bheag nó faigh aiseolas faoin méid a thit amach i rith na hoibre seo.

***<u>Gluais</u>***

Díghrádú – degradation

tomhaltachas freagrach – responsible consumerism

mallbhia – slow food

mallfhaisean – slow fashion

tionscail eastóscacha – extractive industries

fiadhúlra muirí – marine wildlife

biashlabhra muirí – marine food chain

pointe claochlaithe – tipping point

ilphointí claochlaithe – multiple tipping points

Suíomh pobail do phailneoirí - Community Pollinator Site

tionscnamh píolóta do bhainistíocht féarthalaimh - pilot grassland management initiative

lotnaidicídí - pesticides

# Téama 5

## Gníomhaíocht 1 - (oiriúnach don phortfóilió)

**Dara McAnulty – Dialann an Nádúraí Óig**

**<u>Athaimsiú an dúlra</u>**

**<u>Iarr ar na mic léinn suí síos i gciorcal.</u>**

*-Cuir ceist ar na daltaí faoi scéal Dara McAnulty– ar chuala siad caint faoi cheana féin? Cén comhthéacs? An bhfuil tuairim láidir acu faoi? Cad as a dtáinig an tuairim/eolas sin? Eolas pearsanta nó na meáin shóisialta?*

*(Fill ar ais ag deireadh an tseisiúin ar an gceist chéanna le fiosrú ar tháinig athrú intinne ar aon duine)*

**Cúlra:**

Glór úrnua, údar cumasach, inspioráideach agus dúshlánach is ea Dara, atá fós ina dhéagóir agus sárdhíolachán bainte amach aige lena chéad leabhar, *'Diary*

*of a Young Naturalist'*, foilsithe i mBéarla sa bhliain 2020 agus aistrithe ina dhiaidh sin go dtí a lán teangacha eile ar fud an domhain.

Sa leabhar seo, tá gné shuntasach amháin dá phearsantacht a thugtar faoi deara ar an bpointe boise, gné nach bhfeictear go minic sa saol poiblí – cibé rud atá ar a intinn, deir sé amach os ard é agus ní chuireann sé fiacail ann.

**Machnamh**:

*Is uirlis chumhachtach í labhairt amach go neamhbhalbh sa lá atá inniu ann agus uair na cinniúna don timpeallacht buailte linn.*

*Ach an bhfuil baol ann go gcruthóidh sé sin deighilt idir dhaoine? Conas is féidir dul i ngleic leis sin?*

*Scríobh Dara McAnulty leabhar. Thosaigh Greta Thunberg stailceanna scoile. Cad iad na slite eile inar féidir dul i bhfeidhm ar dhaoine? (ceol, cláir raidió/teilifíse, na meáin shóisialta). Cad iad na rudaí atá déanta ag na daltaí iad féin?*

Is géarbhreathnóir timpeallachta é Dara, is é an dúlra atá dá spreagadh agus a thugann fuinneamh dó tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil.

Gné eile a bhaineann leis an leabhar ná an tsúil eile a chuireann sé ar ár speiceas féin, nó *Homo sapiens*, toisc go bhfuil uathachas air, nó mar a scríobhann sé féin, 'déanaim mo dhícheall foghlaim faoi dhaoine sa tslí is gur féidir liom caidreamh sóisialta sásúil a dhéanamh leo.'

"Dúnaim na súile agus luím síos, ag iarraidh tonnchreathanna na n-ainmnithe a mhothú timpeall orm, ag samhlú go bhfuil mé clúdaithe le dreoilíní teaspaigh, féileacáin, ciaróga, béchuileanna agus beacha gabhair."

"…Ceiliúr na n-éan atá uaim, fústráil fhlúirseach, dordán, deireadh le nimhiú agus le scrios, deireadh le méadú gan chúis, cuir deireadh leis."

"An bhfeicfidh mo ghlúinse an t-éirí amach cuí?" (lch 94)

# GNÍOMHAÍOCHT 2

**-Obair Chroí/Dialann Dúlra –**

Téigh amach agus glac do chuid ama ag breathnú thart ar an dúlra, gan deifir. Feicfidh tú éagsúlacht na timpeallachta, sonraí agus mionsonraí, idir bhláthanna, crainn, sceacha, feithidí, plandaí, an spéir srl.

Scríobhann McAnulty, 'Ag glacadh ama le faire ar an dúlra, tumadh a dhéanamh ina chuid patrúin, struchtúir, tarluithe agus rithimí'. (lch 178)

An bhfuil d'aird á tarraingt ar aon ghné faoi leith?

-**Cén saghas caidrimh atá agat leis an dúlra?**

-Cathain a thosaigh an caidreamh seo agus cén chaoi ar cothaíodh é?

-An mbaineann sé le fiosracht phearsanta, le spórt/caitheamh aimsire nó le cuairteanna an teaghlaigh go háiteanna ar leith?

-An bhfuil áit speisialta nó rúnda agat? An bhfuil 'gaol' agat le bláthanna, ainmhithe nó crainn nó séasúr ar leith? Céard é an séasúr is mó a thaitníonn leat?

-Téigh amach (timpeall na scoile, nó i do ghairdín nó i do cheantar féin nó áit ar bith a bhfuil nasc agat léi) agus breathnaigh ar a bhfuil timpeall. Déan dialann bheag dúlra de lá amháin i do shaol, le hainmneacha i nGaeilge. Scríobh síos na mothúcháin a thagann aníos duit agus déan pictiúir den mhéid a fheiceann tú.

-Cén t-eolas a fhaigheann tú ó na hainmneacha Gaeilge?

-Cé mhéad ama a chaitheann tú amuigh faoin aer, go tipiciúil, in aon lá amháin?

-An bhfuil ainmneacha agat do na crainn, na bláthanna agus na plandaí atá timpeall ort?

-An bhfuil sé tábhachtach duit?

-Téigh ar ais chuig an ngrúpa agus déan cur síos ar an méid a chonaic tú.

*******

## Gníomhaíocht 3 – Grúpa Comhleasa

Ag deireadh an leabhair, bunaíonn McAnulty grúpa éiceolaíochta ar scoil. Níl feachtas ar leith i gceist ach díreach cur le tuiscint ar thimpeallacht na háite agus aird a tharraingt ar áilleacht an dúlra.

***Ag cruthú grúpaí comhleasa***

**Céim 1:**

*Cuir ceist ar an rang:*

An bhfuil spéis ag aon duine sa rapcheol, in Harry Potter, san iománaíocht… nó an bhfuil aon duine atá ina f(h)eoilséantóir, ina p(h)áiste aonarach nó ina c(h)ónaí ar fheirm?

Bailigh na grúpaí le chéile a bhfuil comhleas eatarthu ar bhonn éigin. Tabhair seans do dhaoine labhairt faoi na rudaí a tharraingíonn le chéile mar ghrúpa iad (a gcuid scéalta a insint).

**Cuir moltaí na mac léinn suas ar an gclár bán.**

**Céim 2: Croí na hoibre – ag labhairt faoin mbithéagsúlacht**

An bhfuil aon údar imní ag na grúpaí faoi shaol an lae inniu? Aon rud práinneach a bhaineann leis an mbithéagsúlacht? (Mar shampla, speiceas atá i mbaol, dóiteán foraoise, caillteanas gnáthóige srl.)

Déan tobsmaointeoireacht ar dtús agus ansin laghdaigh na hábhair chainte go dtí go bhfuil ábhar amháin nó dhó a bhfuil daoine ar aon intinn fúthu. An bhfuil aon tionscnamh ar siúl go háitiúil a chabhraíonn leis an timpeallacht – garraí pobail, scamall bia srl.? Nó an bhfuil aon tionscnamh a dhéanann dochar don timpeallacht – truailliú aeir nó uisce nó dainséar don bhithéagsúlacht?

Aimsigh na húdair spéise atá ag an ngrúpa a bhaineann le cúrsaí bithéagsúlachta. Ansin laghdaigh iad go dtí go bhfuil ábhar amháin le plé mar ghrúpa mór amháin.

***Gluais***

ní chuireann sé fiacail ann – he doesn’t mince his words

uathachas - autism

géarbhreathnóir – sharp eyed observer

dreoilín teaspaigh - grasshopper

béchuil - damselfly

beach ghabhair – hoverfly

grúpa comhleasa – affinity group

tobsmaointeoireacht – brainstorming

dóiteán foraoise – forest fire

caillteanas gnáthóige – habitat loss

8 Cabra Road, Dublin 7, D07T1W2

Telephone:: 01 8384204

Email: admin@afri.ie

Website: www.afri.ie